

Ráiteas tosaigh,

Mícheala Ní Eochaidh, Coláiste Ghobnait, Inis Oírr
chuig Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na
n-Oileán - 8 Márta 2018.

A Chathaoirligh agus a chomhaltaí Comhchoiste,

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh libh as an gcuireadh a thug sibh dom teacht in bhur láthair inniu. Is mise Mícheala Ní Eochaidh, scoláire as bliain 5 i gColáiste Ghobnait, Inis Oírr.

Is mise Micheala ón Dún Beag i gCo an Chláir agus duine do na scoláirí atá ag fáil scoláireacht chun bliain a chaitheamh i gColáiste Ghobnait, ar oileán Gaeltachta i measc Gaeilgeoirí dúchasacha. Is iontach go deo an deis é seo domsa agus is cinnte go mbeidh tionchar aige ar mo shaol ar fad, ceangal a mharfaidh fad-saoil le Inis Oírr agus na dlúth-chairde atá déanta agam agus mé i mo chónaí le teaghlach oileánda. Gan trácht ar, is í an Ghaeilge mo ghnáth modh cumarsáide anois. Teanga Bheo agus Teanga Phobail Inis Oírr.

Tá scéim na scoláireachtaí ar cheann do na forbairtí is tabhachtaí do na hOileáin. Tá go leor buntaistí ag baint le scéim na scoláireachtaí ó thaobh an óige, ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh eacnamaíocht ar na hOileáin.

Bíonn dhá insint ar chuile scéal agus déanfadh mise cur síos ar na dúshláin a bhíonn roimh scoláirí ar na hOileáin agus iad ag bogadh ar aghaidh.

Ag an mbunscoil bhí ceathrar i rang Mhuireann agus Dara. Ag an meán-scoil, bhí ceathrar i rang Mhuireann agus Dara ach tháinig 3 eile isteach sa rang don idirbhliain. Anois tá 7 i rang Mhuireann agus Dara de bharr na scoláireachtaí. Daltaí cosúil liomsa a fuair an deis iontach seo. Bhí sé thar a bheith go maith do Mhuireann & Dara

freisin, mar bhí deis acu aithne a chur ar dhaoine nua a thug buanna éagsúla chun na ranga. Tá compórd agus sábhailteacht ag baint le bheith i rang chomh beag agus deis caidrimh maith leis na múinteoirí.

Ach faraor, tá dúshlán amach rompu a chuireann ríméad orthú ar láimh amháin agus cuid mhaith scanradh ar an láimh eile. Téann an chuid is mó d'iar scoláirí Choláiste Ghobnait ar aghaidh chuig triú leibhéal ach sin áit a bhfuil na mílte scoláiré eile. Tá go leor deacrachtaí ag baint leis! Ní bheidh siad gar dá muintir agus beidh siad scoite amach ón bpobal agus tá sé níos deacra ag oileánach dul abhaile ná ag scoláirí in aon áit eile. Tá seans ann go mbeidh siad in áit nach bhfuil aithne acu ar aon duine eile agus nach mbeidh aon tacaíochtaí ar fáil. Bíonn costaisí níos airde ar scoláirí óna hOileáin de bharr costaisí taistil, lóistín agus ní féidir leo dul abhaile chomh minic le scoláirí eile de bharr aimsire.

Bíonn ar go leor scoláirí post pháirt-aimseartha a thógáil rud a chiallaíonn go gcaithfear oibriú ar an deireadh seachtaine agus tráthnóna. Tá sé aitheanta go bhfuil ioncam teaghlaigh ar na hOileáin 25% níos ísle ná an meán agus dá bhrí sin bíonn deacrachtaí airgid ag scoláirí as na hOileáin. Is é an deontas céanna ata ar fáil do scoláirí ó na hOileáin agus tá gá le tacaíochtaí breise.

Bíonn uaigneas i gceist taréis a theacht ó phobal beag agus níl aon tacaíochtaí curtha ar fáil ag na coláistí a aithníonn na deacrachtaí seo. Tá baol láidir ann dá bharr sin titim amach as an gcoláiste, mí-úsaid drugaí nó alcóil, agus fadhbanna meabhar-shláinte eile. Ar leibhéal an-bhunúsach, mar shampla, tá sé deacair theacht ar dhochtúr teaghlaigh agus tú i do chonaí i mbaile mór, gan mórán aithne agat ar aon duine. Don duine sin is beag deiseanna atá ann dul abhaile agus obair fhiúntach a fháil mar go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta teoranta ar na hoileáin. Tá sé rí-thábhachtach don scoláire ón oileán ard oideachas a fháil don todhchaí mar go bhfuil an saol ag athrú agus beidh deiseanna nua ann do mhuintir na nOileán ar na hoileáin agus chuile áit eile amach anseo ach an oiliúint cheart a bheith orthú.

Ba mhaith linn inniu iarraidh oraibh na rialacha a athrú maidir leis na deontaisí triú leibhéil agus eisceachtaí agus buntáistí breise a bheith curtha isteach do scoláirí óna hoileáin a thógadh san áireamh na deacrachtaí uilig maidir le costaisí maireachtála breise. Moltar go mbeadh breis scolaireachtaí ar fáil do mhicléinn ó na hOileáin chun an timpeallacht oideachais a dhéanamh níos cothromaí.

Freisin, go mbeadh tacaíochtaí agus seirbhísí tacaíochtaí speisialta do mhicléinn ó na hOileáin, i gColáistí na tíre. Ta seirbhísí tacaíochta rí thabhachtach sa chéad bhliain.

Agus sa saol atá ann i 2018, go mbeadh forbairt ar dheiseanna oideachais triú leibheál a bheadh pobal-bhunaithe in n-áit chuile rud a bheith lonnaithe ‘sna cathracha móra agus uas-bhuntaiste a bhaint as modhanna nuatheicneolaíochta.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas libh as an deis a thabhairt dom labhairt anseo inniu.

Go raibh maith agaibh.